Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association

AN GHNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL
LOCAL GOVERNMENT MANAGEMENT AGENCY

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL GBRÁ 2016

Réamheolas faoin nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil	3
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Sracfhéachaint	6
Fís agus Misean GBRÁ	8
Cuspóirí Straitéiseacha	9
Taighde agus Dea-Chleachtas agus Nuálaíocht a chur Chun Cinn	10
Comhairle, Cúnamh agus Tacaíocht a Sholáthar	12
Athchóiriú Rialtais Áitiúil a Chur chun Cinn	20
Ionadaíocht Earnála a Sholáthar	27
Tacaíocht a thabhair do Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach	29
An Méid a Baineadh Amach san Earnáil a Chur chun Cinn	30
Tacaíocht a thabhairt d'Fhorbairt Ceannaireachta agus Cumais Oibriúcháin	32
Dea-Rialachas a Chur chun Cinn	34
Aguisín 1	38
Tuarascáil Bhliantúil 2016 um Luach Saothair na hIasachta Poiblí	39
Aguisín 2	46
Cuntais Airgeadais 2016	47
Gluais	67

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

RÉAMHEOLAS FAOIN nGNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL

Gníomhaireacht Stáit is ea (www.lgma.ie) an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil a bunaíodh in 2012 i ndiaidh chumasc an Bhoird Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil (BSBRÁ), an Bhoird Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil (BSRRA) agus chomhtháthú fheidhmeanna na Comhairle Leabharlanna (ACL).

Tá GBRÁ maoinithe go príomha ag Údaráis Áitiúla, agus oibríonn sí san earnáil rialtais áitiúil, ag tuairisciú ar fheidhmíocht de réir mar a cheanglaítear ar ár máthair-roinn, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Is é aidhm na Gníomhaireachta freastal ar riachtanais na nÚdarás Áitiúil agus na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le clár oibre um athchóiriú na hearnála poiblí in earnáil an rialtais áitiúil a sheachadadh (go háirithe i gcomhthéacs cuir chuige earnála maidir le seachadadh seirbhíse), taighde a dhéanamh ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus a sainaithníodh, cuidiú le hÚdaráis Áitiúla chun athrú a chur chun feidhme agus a thomhas, agus tacaíocht a thabhairt, go ginearálta, d'fheidhmíocht fheabhsaithe san earnáil rialtais áitiúil.

Donal Singleton

Príomhfheidhmeannach Gníomhach

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Táim an-sásta, thar ceann na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil, an Tuarascáil Bhliantúil seo le haghaidh 2016, bliain eile athchóirithe don Earnáil Rialtais Áitiúil agus GBRÁ, a chur i láthair.

Tá an t-athchóiriú ba shuntasaí déanta le blianta beaga anuas ar an earnáil rialtais áitiúil ó bunaíodh na Comhairlí Cathrach agus Contae in 1898. In 2014, tháinig laghdú ó 114 go 31 ar líon na n-údarás áitiúil agus bunaíodh Ceantair Bhardasacha, rud a thug níos mó féinrialach ar leibhéal bardasach.

I gcomhthráth leis sin, méadaíodh ról na hearnála san fhorbairt eacnamaíoch agus pobail le bunú na gCoistí um Fhorbairt Áitiúil & Pobail agus na nOifigí Fiontair Áitiúil; cuireadh éilimh bhreise ar an earnáil leis an mbunathrú chun feabhais ar na seirbhísí uisce agus le seachadadh Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine an Rialtais - Rebuilding Ireland - chomh maith.

Cé go bhfuil na hathchóirithe sin curtha chun feidhme, tá an earnáil ag lorg bealaí níos éifeachtaí chun seirbhísí agus feidhmeanna cúloifige a sheachadadh. Bhí réitigh nuálacha, coigiltis chostais agus éifeachtúlacht níos fearr mar thoradh ar bhunú raon seirbhísí comhroinnte, córas feabhsaithe agus cur chun feidhme feabhsuithe ar phróisis ghnó. Chuir an earnáil rialtais áitiúil na hathchóirithe agus na bearta éifeachtúlachta sin i bhfeidhm ag am ina raibh laghdú ar bhuiséid agus laghdú ar líonta ball foirne, rud a thaispeáin lúfaireacht na hearnála maidir le seirbhísí poiblí éifeachtúla a sheachadadh in Éirinn.

Bhí ról lárnach ag GBRÁ maidir le tacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla chun cur chun cinn suntasach a bhaint amach sna réimse athchóirithe, agus béim láidir á leagan ar fheidhmíocht agus seachadadh éifeachtach seirbhíse; forbairt ar chomhar le páirtithe leasmhara; comhroinnt eolais a chomhordú agus cumas daoine aonair oibriú go héifeachtach le chéile a neartú chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach.

Go sonrach, d'éascaigh rannóg na Bainistíochta Clár seachadadh comhsheirbhísí agus comhchóras ag spreagadh an chláir athchóirithe agus ag tacú leis an earnáil le héifeachtúlachtaí a bhaint amach; Thacaigh rannóg na Rannpháirtíochta Fostaithe leis na húdaráis áitiúla maidir le hathchóiriú a sheachadadh ar leibhéal áitiúil ag soláthar ionadaíocht Caidrimh Phoiblí, treoir Acmhainní Daonna agus ag comhroinnt beartais agus nósanna imeachta dea-chleachtais; Sholáthair an Oifig um Bainistíocht Údarás Áitiúil (OLAM) taighde, fianaise agus sonraí críochnúla don earnáil a chuidigh le bonn eolas a thabhairt do chinnteoirí; Thacaigh rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise le hardáin shlána agus láidre ón taobh teicniúil de a sholáthar chun oibríochtaí gnó TFC a éascú agus thug an Oifig um Aistriú Seirbhíse Uisce (WSTO) tacaíocht d'údaráis áitiúla chun na seirbhísí uisce a aistriú chuig

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

Uisce Éireann, ionadaíocht a dhéanamh do leasanna na n-údarás áitiúil agus oibriú leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Uisce Éireann agus páirtithe leasmhara eile.

Ní mór don earnáil rialtais áitiúil leanúint le modhanna oiriúnacha a shainaithint chun seirbhísí poiblí a sheachadadh ar bhonn áitiúil de réir mar a thiocfaidh riachtanais agus ionchais an phobail chun cinn. Leanfaidh GBRÁ le 'meon dearfach' a chothú a thacóidh leis an earnáil lena hacmhainneacht a bhaint amach.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an iar-Phríomhfheidhmeannach, an tUasal Joseph Nuent as a cheannaireacht ar GBRÁ le linn tréimhse d'athrú teacht chun cinn agus le foireann na Gníomhaireachta a chuireann tacaíocht luachmhar ar fáil don earnáil. Táim ag súil le bheith ag obair go comhoibríoch leis an bPríomhfheidhmeannach nua chun athchóiriú eagraíochtúil a chur chun feidhme chun GBRÁ a leabú mar an gcomhpháirtí straitéiseach roghnaithe don earnáil.

Ba mhaith liom mo buíochas a ghabháil chomh le mo chomhghleacaithe ar an mBord agus leis an gcuid mhór oifigeach a oibríonn gan stad gan staonadh ar na coistí éagsúla, na boird clár agus fochoistí eile. Lena chois sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Simon Coveney agus lena oifigigh sa Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, as an gcuidiú a thug siad le linn na bliana.

Peter Carey

Cathaoirleach

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

SRACFHÉACHAINT

UISCE

Lean WSTO ag obair leis na húdaráis áitiúla, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Uisce Éireann le linn na bliana maidir le dul i ngleic le ceisteanna aistrithe agus na 18 gceist staire a sainaithníodh. Rinneadh dul chun cinn maidir le féachaint le riosca a mhaolú don earnáil

TITHÍOCHT

Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta: Bhain 28 Údarás agus Feidhmeannach Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath leas as an gcóras. Ag deireadh 2016, bhí 18,230 tionóntacht ÍCT bunaithe sa chóras.

BÓITHRE

Rinneadh suirbhéireacht ar 82,000 km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla i leith rátáil staid amhairc, ag baint úsáid as Aip Mhóibíleach MapRoad. Thaifid an MapRoad PMS staitisticí maidir le Feabhas Athchóirithe, Cothabháil Athchóirithe, Rannpháirtíocht an Phobail agus Oibreacha Lánroghnacha. In 2016, rinneadh thart ar 10,000 iarratas ar cheadúnas trí Cheadúnú Oibreacha Bóthair MapRoad.

LEABHARLANNA

Ó Eanáir 2016 i leith, tá ballraíocht i seirbhísí leabharlainne gach ÚÁ saor in aisce do gach úsáideoir. Bhí 20 láithreán píolótach do My Open Library feistithe agus forbartha i 18 ÚÁ faoi dheireadh 2016. Cuireadh feabhas suntasach ar R-

BCMS

100% d'idirbhearta le hÚdaráis Rialaithe Foirgníochta ar líne. (Fógraí um Thosach Feidhme agus Deimhnithe Comhlánaithe). Cláraíodh 53,993 úsáideoir.

SOLÁTHAR

Cuireadh Náisiúnta Cóid Táirgí chun feidhme le linn 2016, a raibh feabhsuithe ar an bpróiseas um shonraí soláthair a bhailiú agus a chur i dtoll a chéile mar thoradh air. Lainseáil LGCPS an Suíomh Eislín Soláthair

BAINISTÍOCHT FIACHAIS

D'fhaomh PSROG cás gnó le haghaidh cumhachtaí forfheidhmiúcháin níos láidre do ÚÁanna i Márta 2016. D'fhormhuinigh an Bord um Thionscadal Bainistíochta Fiachais faoi stiúir DPER an cás gnó ar foilsíodh a thuarascáil i mí na Nollag 2016. Bhain an earnáil ráta bailithe uaillmhianach de 84% amach le

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

HPS & Párolla Comhroinnte

D'ascain 20 ÚÁ chuig Core Leagan 19. Bhí 6 ÚÁ beo ar an tSeirbhís Aoisliúntais MyPay. Cuireadh 26 ÚÁ chun feidhme ar Phárolla Seirbhíse Comhroinnte.

TFC

Cruthaíodh Líonra Achair Logánta úr agus aistríodh na baill foirne agus na feidhmeanna go léir go dtí an fearann úr. Aistríodh baill foirne go dtí seirbhís ríomhphoist néalbhunaithe in Office 365.

Tuairisceáin RÁ

Forbraíodh córas Thuairisceáin RÁ i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun tacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla in iontráil agus próiseáil tuairisceán náisiúnta sonraí. Soláthraíonn sé do bhailíocht agus malartú sonraí idir na hearnálacha rialtais, údaráis áitiúla agus

Athrú Aeráide

In mí na Samhna 2016, rinne an Fochoiste um an Athrú Aeráide de chuid Choiste Comhshaoil, Athraithe Aeráide agus Pleanála Éigeandála CBCC PID a fhorbairt le haghaidh Samhail Oifigí réigiúnacha um Athrú Aeráide. D'fhaomh PSROG é sin agus bunaíodh Bord Tionscadal chun obair ar Chás Gnó a chur ar chinn.

NPPR (áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha)

NPPR Non Principal Private Residence Online Payment System

Ón gcéad am ar tugadh isteach an muirear bailíodh €549,943,630 agus bailíodh €35,741,055 den tsuim sin in 2016.

Rialtas Áitiúil Seirbhís Náisiúnta Catalóg

catalogue.

D'fhaomh PSROG Doiciméad Tionscnaimh Tionscadail faoina raibh an Fhoireann Tionscadal ábalta dul ar aghaidh le cás gnó a chur i gcrích chun Catalóg Seirbhíse Náisiúnta an Rialtais Áitiúil a bhunú.

Ionadaíocht IR

Leanadh le hionadaíocht earnála trí chomhairle a sholáthar do POFanna, DoSanna agus Oifigigh AD maidir le cúrsaí Dlí um Fhostaíocht, Caidreamh Tionsclaíoch agus Acmhainní Daonna. Áiríodh leis sin ionadaíocht a dhéanamh ar ÚÁanna ar os cionn 100 cás lenar bhain iliomad dátaí éisteachta, 20 comh-éileamh áitiúil, éilimh náisiúnta agus freastal ar chruinnithe IWCG agus FSNOIG.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

FÍS AGUS MISEAN GBRÁ

D'fhaomh an Bord Fís agus Misean úr don Ghníomhaireacht roimhe seo le linn 2015 agus shainaithin siad croíshraith Luachanna eagraíochtúla faoinar cheart do GBRÁ oibriú. Faomhadh cuspóirí straitéiseacha agus struchtúr eagraíochtúil úr chun tacú leis na seirbhísí tosaíochta arna n-éileamh ag an earnáil a sheachadadh chomh maith. Agus an clár athchóirithe do GBRÁ á chur chun cinn tuilleadh, ghlac an Bord Plean Corparáideach don tréimhse 2016-2019 i mí na Bealtaine 2016.

De réir an Phlean Chorparáidigh sin is é aidhm GBRÁ freastal ar riachtanais na nÚdarás Áitiúil agus na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le clár oibre um athchóiriú na hearnála poiblí san earnáil rialtais áitiúil a sheachadadh (go háirithe i gcomhthéacs cuir chuige earnála maidir le seachadadh seirbhíse), taighde a dhéanamh ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus a sainaithníodh, cuidiú le hÚdaráis Áitiúla chun athrú a chur chun feidhme agus a thomhas, agus tacaíocht a thabhairt, go ginearálta, d'fheidhmíocht fheabhsaithe san earnáil rialtais áitiúil.

Sineann sainchúram reachtúil na Gníomhaireachta chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Seirbhísí comhairleacha a sheachadadh chuig na hÚdaráis Áitiúla chun cuidiú le gnó na nÚdarás Áitiúil sin agus é a chomhordú;
- Seachadadh na seirbhísí sin de réir mar a éileoidh na hÚdaráis Áitiúla sa réimse um Chaidreamh Tionsclaíoch agus um Bainistíocht Acmhainní Daonna;
- Seachadadh na seirbhísí sin de réir mar a éileoidh na hÚdaráis Áitiúla chun úsáid na dTeicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a chomhordú agus comhoiriúnacht iontu a chinntiú;
- Comhairle, cúnamh agus seirbhísí a chur ar fáil d'Údaráis Áitiúla maidir le seirbhís na leabharlann poiblí;
- Soláthar seirbhísí bainistíochta eile dá leithéid de réir mar a éileoidh na hÚdaráis Áitiúla;
- Soláthar seirbhísí dá leithéid le haghaidh chruinnithe de chuid Phríomhfheidhmeannaigh na nÚdarás Áitiúil agus seirbhísí tacaíochta eile dá leithéid de réir mar a éileoidh Cumann na Bainistíochta Contae agus Cathrach (CBCC);
- Soláthar seirbhísí dá leithéid de réir mar a éileoidh an Cláraitheoir um Luach Saothair Iasachta Poiblí;

Agus Misean GBRÁ á seachadadh, is é aidhm na Gníomhaireachta don earnáil rialtais áitiúil raon seirbhísí tacaíochta a fháil, a éascú agus a chomhordú, seirbhísí a sheachadfar go cuí agus go héifeachtúil ar an leibhéal náisiúnta. Is é príomhchuspóir GBRÁ bheith ina stór comhroinnte dea-chleachtais, ag soláthar taighde agus saineolais don earnáil Rialtais Áitiúil. Maidir leis sin, is iad seo a leanas cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta:

Cuspóirí Straitéiseacha

1. Taighde a dhéanamh agus beartais dea-chleachtais agus córais luacha don earnáil Rialtais Áitiúil a chur chun cinn.
2. Comhairle, cúnamh agus tacaíocht a sholáthar d'Údaráis Áitiúla ar chuir chuige earnála do ghníomhaíocht ghnó Údaráis Áitiúil.
3. An fhreagairt earnála d'athchóirithe an Rialtais Áitiúil a fhorbairt agus a chomhordú.
4. Ionadaíocht a dhéanamh ar son earnáil na nÚdarás Áitiúil ar cheisteanna náisiúnta nuair is gá.
5. Anailís beartais, taighde agus seirbhísí tacaíochta riaracháin a sholáthar faoi mar a éileoidh an Cumann na Bainistíochta Contae agus Cathrach (CBCC)
6. An méid a bhaineadh amach le chéile ag an earnáil Rialtas Áitiúil a chur chun cinn agus a chur in iúl.
7. Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ceannaireachta agus cumais oibriúcháin san earnáil.
8. Dea-rialachas a chur chun cinn ar an leibhéal is airde seirbhísí Inmheánacha agus Corparáideacha chun tacú le riachtanais ghnó.

TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Bhí an t-éileamh ar athchóiriú leanúnach agus tuarascálacha ar an bhfeidhmíocht a baineadh amach ar fud na seirbhíse poiblí fós i réim i rith 2016 agus rinneadh méadú ar ról na Gníomhaireachta chun freagracht as clár oibre um Athbhreithniú ar Éifeachtacht Rialtais Áitiúil a chur san áireamh. Mar thoradh ar an athrú ar threo straitéiseach GBRÁ a tugadh isteach in 2015 (ar shiúl ó réimsí gníomhaíochta oibriúcháin agus forbartha TFC), cuireadh béim ar Bhailiú Sonraí, Taighde, Feabhas ar an Eagraíocht agus ar Fheidhmíocht Fostaithe, Forbairt Ceannaireachta, Soláthar, Bainistíocht Clár, Seachadadh Seirbhísí Comhroinnte, TFC Straitéiseach agus cuir chuige chomhordaithe maidir le feidhmeanna tosaíochta don earnáil. D'éascaigh athstruchtúrú inmheánach ar ghníomhaíochtaí feidhmiúla an Ghníomhaireacht, ag feidhmiú mar an gcomhéadan straitéiseach thar ceann na hearnála, chun dearcadh iomlánach a choinneáil leis na páirtithe leasmhara uile, agus rannpháirtíocht na hearnála ar an gclár oibre athchóirithe á comhordú. Tugadh faoi sin le comhlachtaí lena n-áirítear an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an Roinn Iompair agus ranna rialtais eile, an Oifig um Sholáthar Rialtais agus gníomhaireachtaí lárnacha.

I measc na bpríomhréimsí um dhul chun cinn faoinár gCuspóirí Straitéiseacha bhí:

Taighde agus Dea-Chleachtas agus Nuálaíocht a chur Chun Cinn

Le linn 2016, bhí gníomhaíocht shuntasach ar siúl faoi shainchúram na Rannpháirtíochta Fostaithe agus tionóladh thart ar 158 imeacht GBRÁ chun tacú le forbairt agus cur chun feidhme an bheartais straitéisigh in Acmhainní Daonna, Caidreamh Poiblí, Foghlaim agus Forbairt, Sláinte agus Sábháilteacht agus Cosaint Páistí. D'fhreastail thart ar 1,918 ionadaithe ón earnáil ar na himeachtaí sin agus ghlac siad páirt iontu. Tugadh faoi fhorbairt agus rannpháirtíocht bheartais sna réimsí seo a leanas:

Earcaíocht agus Roghnúchán Earnála

- Eisíodh Beartas um Earcaíocht agus Roghnúchán Earnála;
- Cuireadh Treoirlínte leasaithe an Bhoird Agallaimh bunaithe ar Inniúlacht i gcrích;
- Soláthraíodh Céim 1 agus 2 de chomhcheardlanna FR/GBRÁ ar earcaíocht agus roghnúchán do 215 fostaí AD de chuid na hearnála.
- Comhaontaíodh sonraíochtaí poist agus teimpléad próifíle inniúlachta.

Nochtadh Cosanta

- Chomhordaigh GBRÁ seachadadh ceardlann oiliúna chuig na bainisteoirí sinsearacha údaráis áitiúil ábhartha chun tacú le cur chun feidhme an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 agus na mbeartas agus na nósanna imeachta earnála leana mbaineann.

Comhionannas, Éagsúlacht na hEarnála

- Foilsíodh ráiteas teimpléid um chomhionannais;
- Feasacht a spreagadh maidir leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 um Dhualgas na hEarnála Poiblí agus comhaontú oibriú le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a phíolótú;

- ***Athbhreithniú ar Bheartas Casaoidí agus Smachtaithe***
  - Eisíodh Beartas agus Nós Imeachta Casaoidí agus Beartas agus Nós Imeachta Smachtaithe chuig an Earnáil i mí Feabhra 2016.

- ***Cosaint Páistí san Earnáil***

- Forbraíodh Treoir Earnála ar an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, 2012 go 2016;
- Foilseachán cumarsáidí samplacha agus ceisteanna coitianta d'fhostaithe ar an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, 2012 go 2016 agus Grinnfhiosrúchán Leictreonach;
- Comhairle agus cúnamh ar mheasúnú ar na riachtanais um iarratais ar ghrinnfhiosrúcháin chúlghabhálacha.

Braitheann an earnáil rialtais áitiúil ar fhianaise bunaithe ar shonraí chun tionscnaimh bheartais agus athchóirithe a chur ar aghaidh. Mar chuid den athchóiriú rialtais áitiúil, ghlac GBRÁ, thar ceann CBCC cur chuige córasach maidir le sonraí a bhailiú, a chomhthiomsú, a mheasúnú agus a chur i láthair.

- ***Tuairisceáin RÁ***

  Forbraíodh Tuairisceáin RÁ i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus GBRÁ chun tacaíocht a thabhairt d'iontráil agus do phróiseáil tuairisceán náisiúnta sonraí. Soláthraíonn Tuairisceáin RÁ bailíocht agus malartú sonraí idir na hearnálacha rialtais, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí an rialtais. Baintear úsáid as le haghaidh raon tuairisceán roinne lena n-áirítear bainistíocht feidhmíochta agus staitisticí tithíochta. Cuireann an córas bonn is taca faoin tionscadal um Bailiú Sonraí an Chumainn na Bainistíochta Contae agus Cathrach (CBCC), na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus GBRÁ agus déanann sé soláthar do ghabháil sonraí níos éifeachtaí, anailís agus rialachas sonraí níos láidre.

- ***Táscairí Feidhmíochta***

  D'oibrigh GBRÁ leis an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) chun Táscairí Feidhmíochta 2016 don Rialtas Áitiúil a chomhthiomsú agus a chur i láthair. Soláthraítear léargas i 31 táscaire i dtaca le seachadadh raoin feidhmeanna ag údaráis áitiúla. Ar mhaithe le trédhearcacht agus cuntasacht, scaipeadh grafaic faisnéise níos gonta de na torthaí ar gach údarás áitiúil.

- ***Taighde***

  Forbraíodh cur chuige um Bainistíocht Clár do thaighde i R3, 2016. Ó glacadh an cur chuige úr, rinneadh taighde ar 10 topaic san iomlán faoinár cumhdaíodh réimsí lena n-áirítear Tuilte, Creimeadh Cósta, Brexit, Féinmharú a Chosc agus Tithíocht.

Leis an méadú tobann ar bhagairtí ar an gcibearspás tháinig méadú ar an ngá le leochaileacht a laghdú go réamhghníomhach agus a chinntiú nach dtarlóidh cur isteach rómhinic, go mbeidh sé chomh gairid agus is féidir, go mbeidh sé inláimhsithe agus nach ndéanfaidh sé ach a mhéid is lú damáiste is féidir.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

- ***Cibearshlándáil***

  - Spreag GBRÁ feasacht faoi chibearbhagairtí agus faoin ngá le cleachtas feabhsaithe slándála le linn na bliana agus thionóil siad comhdháil slándála ina ndeachthas i ngleic le topaicí lena n-áirítear: Dea-Chleachtas, Beartais agus Nósanna Imeachta na Cibearshlándála, Cur Chuige Srathaithe maidir le Slándáil, Freagairt ar Theagmhais agus Cibearstaitisticí Rialtais Áitiúil do 2016.

  - D'fhorbair Fochoiste Cibearshlándála den Choiste TFC Beartas Teimpléid Slándála agus Nósanna Imeachta Gaolmhara le linn na bliana a chuirfear in iúl don earnáil in 2017.

Comhairle, Cúnamh agus Tacaíocht a Sholáthar

- ***Creat CBFF agus Inniúlachta Earnála***

  Lean rannóg na Rannpháirtíochta Fostaithe le tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme chreat inniúlachta na n-údarás áitiúil le linn 2016 agus ghlac siad páirt i bplé leanúnach ar bhonn náisiúnta agus aonair leis na húdaráis áitiúla maidir lena chur chun feidhme.

- ***Míchumas Earnála***

  Déantar foráil san Acht Míchumas 2005 i leith an bhoinn reachtúil chun foirgnimh, seirbhísí agus faisnéis phoiblí a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumais. D'eagraigh GBRÁ cúrsaí oiliúna, faoinar cumhdaíodh ról agus freagrachtaí Oifigigh Rochtana na nÚdarás Áitiúil, agus bhí sé tacaithe agus maoinithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. D'fhreastail 25 pearsanra Údaráis Áitiúil ar an oiliúint.

- ***Comhdháil Sláinte agus Sábháilteachta na hEarnála*** – '*Healthy Workplaces for all People of All Ages*'

  Chomhóstáil GBRÁ agus Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Comhdháil inar cuireadh athléimneacht, folláine meabhrach agus cultúr sláinte agus sábháilteachta chun cinn i mí Dheireadh Fómhair. D'fhreastail os cionn 100 rannpháirtí ó údaráis áitiúla, Boird Oiliúna agus Oideachais agus Uisce Éireann ar an gComhdháil.

D-C Maggie O'Brien, LGMA; Cainteoirí - Frank Curran, Sheila O'Malley, Brent Pope; Alan Shortt (Cathaoirleach); Jenny Lally, GBRÁ

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

AN OIFIG UM AISTRIÚ SEIRBHÍSÍ UISCE (WSTO)

Bhunaigh CBCC an Oifig um Aistriú Seirbhísí Uisce (WSTO) in 2013 chun tacú leis an gClár um Athchóiriú Seirbhísí Uisce. Comhtháthaíodh WSTO sa GBRÁ in 2015 agus soláthraíonn sé tacaíocht d'údaráis áitiúla maidir le haistriú seirbhísí uisce go hUisce Éireann. Glacann sé páirt ghníomhach i mbainistiú an phróisis athraithe agus déanann sé ionadaíocht do leasanna na n-údarás áitiúil agus na foirne. Déanann an oifig ionadaíocht don earnáil ar mhodh comhordaithe ag oibriú leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Uisce Éireann agus páirtithe leasmhara eile.

- ***Ceisteanna Aistrithe/Staire***
  Lean WSTO ag obair leis na húdaráis áitiúla, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus hUisce Éireann maidir le dul i ngleic le ceisteanna aistrithe agus na 18 gceist staire a sainaithníodh. Déanfar dul chun cinn maidir le féachaint le riosca a mhaolú don earnáil agus na réitigh is fearr a fhreastalaíonn ar leasanna úsáideoirí na seirbhísí uisce a shainaithint.

- ***Bainistíocht an Chomhaontaithe Seirbhíse agus na bPleananna Bliantúla Seirbhíse***
  Ghníomhaigh WSTO mar an lárphointe teagmhála agus comhordaithe d'Uisce Éireann chun cur chuige comhsheasmhach agus comhtháite a chinntiú thar ceann na nÚdarás Áitiúil. D'éascaigh WSTO cruinnithe ar Bhainistíocht Comhaontaithe Seirbhíse Réigiúnaigh, cruinnithe le baill foirne shinsearacha i seirbhísí uisce agus ghlac sé páirt i ngrúpa Rialachais um Bainistíocht Náisiúnta Comhaontuithe Seirbhíse le hUisce Éireann.
- Tá spriocanna faoi leith i bplean gnó Uisce Éireann ***'Bunathrú chun feabhais a dhéanamh ar Seirbhísí Uisce in Éirinn go 2021'*** maidir le laghdú ar líon na bhfostaithe agus coigiltis chostais, a raibh an-tionchar aige ar phróiseas an Phlean Bhliantúil Seirbhíse. Bhí ról lárnach ag WSTO maidir le freagairt na hearnála ar na spriocanna an-éilitheach sa phlean a chomhordú.

Liosta de na Foirne Seachadta Tionscadal

Creat Oibriúcháin an Tionscail Uisce	Pleananna Oibriúcháin Caighdeánacha	Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha	Straitéis Náisiúnta Saotharlainne
Laghdú ar Ligean agus Caomhnú Uisce	Rialú agus Ceadú maidir le Foinse Fuíolluisce	Cothabháil Phleanáilte	Tionscadal um Sheachadadh Caipitil
Naisc Úra	Cairt Custaiméirí agus Cód Cleachtais	Billeáil Tráchtála agus aistriú láimhsithe glaonna	Brandáil
Teiliméadracht / SCADA	Bainistíocht Inneachair Fiontraíochta	Creat um Thuairisciú Faisnéise faoin gComhshaol	Bainistíocht Catagóire Sholáthar UÉ

Creat Rialála	Creataí um Fheidhmíocht Tionscail agus Bainistíochta Riosca	Córas Comhtháite Bainistíochta	Éifeachtúlacht Fuinnimh
Córas Bainistíochta Sloda Fuíolluisce	Optamú Cóireála agus Caighdeáin Sócmhainní	Optamú Próiseas Custaiméirí	Optamú Conartha
Sláinte agus Sábháilteacht	Aistriú Sócmhainní		

- ***Athbhreithniú ar an gComhaontú Seirbhíse***

  Faoi mar a fhoráiltear sa Chomhaontú Seirbhíse arna shíniú ag gach údarás áitiúil in 2013, cuireadh tús le hathbhreithniú 2 bhliain ar oibriú an Chomhaontaithe in 2015. Thug grúpa athbhreithnithe faoi chomhairliúchán suntasach le húdaráis áitiúla, rinne siad idirbheartaíocht le hUisce Éireann agus rinneadh dul chun cinn suntasach sa phróiseas athbhreithnithe. Síneadh an tréimhse athbhreithnithe i mí na Samhna 2015 agus arís i mí an Mheithimh 2016 agus tá sé beartaithe é a bheith curtha i gcrích i mí an Mheithimh 2017.

- ***Bunathrú chun feabhais ar an Tionscal Uisce***

  Leanadh le linn 2016 le cur chun feidhme an Phlean um Bunathrú chun Feabhais 3 Bliana in 2014 idir CBCC agus Uisce Éireann. Leag sé béim faoi leith ar theicneolaíocht úr, struchtúir eagraíochta úra agus bealaí úra chun oibriú a thabhairt isteach. D'oibrigh ionadaithe WSTO agus na nÚdarás Áitiúil go gníomhach le hUisce Éireann faoi struchtúir rialachais chomhaontaithe le haghaidh an Phlean um Bunathrú chun Feabhais i.e. an Fhoireann Chomhcheannaireachta (FCC), Foireann an Chláir um Bunathrú chun Feabhais (FCBF) agus Foirne éagsúla um Sheachadadh Tionscadal eile (FST). Lean WSTO le comhairle a dhéanamh le líonra na mBainisteoirí um Athrú a ainmníodh i rannóg seirbhísí uisce gach údaráis áitiúil agus lean sé ag tacú leo.

- ***Grúpa Comhairliúcháin Uisce Éireann (IWCG)***

  Lean GBRÁ de bheith freagrach as an taobh bainistíochta i gcomhairliúchán le haontais a stiúradh le linn 2016. Thug Grúpa Comhairliúcháin Uisce Éireann (IWCG), ina raibh ionadaíocht déanta chomh maith ar son na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Uisce Éireann ar an taobh bainistíochta, aghaidh ar cheisteanna a bhain le cur chun feidhme athruithe agus teicneolaíochta úir i rannáin uisce na n-údarás áitiúil, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar bhuarthaí ar leibhéil fostaíochta i seirbhísí uisce, ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon.

- ***r-Phleanáil***

  Bunaíodh Bord Tionscadail r-Phleanála in 2016 chun seachadadh fheidhmiúlacht na r-Phleanála a chur ar aghaidh chun méadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus seirbhís fheabhsaithe do chustaiméirí a sholáthar. Ag an am céanna, chuir an Bord Pleanála tús le tionscadal suntasach chun aistriú ó chóras bunaithe ar pháipéar go córas digiteach, le feidhmiúlacht iomlán ar líne. Tá an Bord Tionscadail r-Phleanála agus an Bord Pleanála ag oibriú go comhoibríoch chun comhchuibhiú a chinntiú maidir le feidhmiúlacht agus achair ama. Tá sé beartaithe go mbeidh na tionscadail curtha i gcrích in 2017.

- ***Córas Bainistíochta Cosán MapRoad (CBC)***

  Rinneadh tuilleadh forbartha agus feabhsuithe ar an gcóras faisnéise bóithre in 2016 lena n-áirítear mionathruithe agus feabhsuithe ar 3 Fheidhmchlár Android. Ba é 2016 an dara bliain de staitisticí ar rátáil gréasán bóithre áitiúla agus réigiúnacha agus feabhsuithe á gcomhthiomsú ag an gCoiste Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC).

  - Faoi dheireadh 2016, thaifid Aip Mhóibíleach MapRoad rátáil staide ar 82,000 km den ghréasán bóithre réigiúnacha agus áitiúla.

  - Thaifid Córas Bainistíochta Cosán MapRoad staitisticí ar cheithre scéim: Feabhas Athchóirithe, Cothabháil Athchóirithe, Rannpháirtíocht an Phobail agus Oibreacha Lánroghnacha.

- ***Ceadúnú d'Oibreacha Bóthair***

  D'oibrigh 27 Údarás Áitiúil á gCeadúnú Bóthair trí Cheadú d'Oibreacha Bóthair MapRoad (MRL) le linn 2016. Chláraigh 238 eagraíocht is iarratasóirí ar an gcóras faoi dheireadh na bliana agus áiríodh ar na húsáideoirí na mór-oibreoirí teileachumarsáide - Líonraí Gáis Éireann. Áirítear ar phríomhthairbhí an chórais:

- Rinneadh os cionn 10,000 iarratas ar cheadúnas tríd an gcóras in 2016;
- Is é an t-aga slánúcháin le haghaidh iarratas laistigh de 30 lá d'fhormhór na gceadúnas;
- Tá níos mó infheictheachta ann maidir leis na céimeanna próiseála um cheadúnú.

- ***Leabharlanna***

Oibríonn an t-aonad Forbartha Leabharlann leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus le húdaráis áitiúla chun an straitéis leabharlann poiblí 2013-2017 '***Deiseanna do Chách'*** a chur chun cinn. Le linn 2016, cuireadh na forálacha straitéise seo a leanas ar aghaidh:

- *Rochtain Saor in Aisce ar Phríomhsheirbhísí*

  Le héifeacht ó Eanáir 2016 i leith, tá ballraíocht i seirbhísí leabharlainne **gach** ÚÁ saor in aisce do gach úsáideoir.
- *'My Open Library'*

  I mí an Mheithimh 2016, síneadh an tseirbhís phíolótach '*My Open Library*' nuair a forbraíodh 20 láithreán píolótach eile ar fud 18 n-údarás áitiúla. Chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar fáil agus bhí gach ceann den 20 láithreán píolótach feistithe agus forbartha go hiomlán faoi dheireadh 2016.

Lainseáil 'My Open Library Service', an 21 Meitheamh 2016 i Leabharlann Thulach Mór ag an gComhairleoir Liam Quinn, Comhairle Contae Uíbh Fhailí; An tUasal Frank Heslin, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Uíbh Fhailí; Mary Stuart, Uasal, Leabharlannaí Contae Uíbh Fhailí; An tAire Stáit, Damien English, T.D.; An Comhairleoir Eddie Fitzpatrick, Cathaoirleach, Comhairle Contae Uíbh Fhailí; Anna Marie Delaney, Uasal, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Uíbh Fhailí

- *Córas Bainistíochta Leabharlainne Aonair (LMS)*

Soláthróidh an LMS rochtain aonair d'úsáideoirí leabharlainne le haghaidh os cionn 15 mhilliún earra sna seirbhísí leabharlainne ar fud na tíre. Tá aistriú chatalóga 30 seirbhís leabharlainne údaráis áitiúil ar siúl ar bhonn céimnithe. Faoi dheireadh 2016, bhí dhá chéim aistrithe curtha i gcrích, agus bhí 17 n-údarás áitiúla beo ar an gcóras. Beidh an chéim dheiridh aistrithe ar siúl sa chéad ráithe in 2017. Cuireann sé sin seirbhís an-fheabhsaithe ar fáil d'úsáideoirí agus cruthaíonn sé ardán chun cárta ballraíochta leabharlainne aonair, ballraíocht uilíoch agus leabharlann náisiúnta dhigiteach a sholáthar.

- *Acmhainní ar Líne*

  Le héifeacht ó Eanáir 2016, cuireadh feabhas suntasach ar chainníochtaí na r-acmhainní atá ar fáil d'úsáideoirí leabharlann poiblí ar fud na tíre le cur chun feidhme Creata Náisiúnta do shraith acmhainní ar líne ina gcuimsítear r-leabhair, r-chlosleabhair, r-irisleabhair/irisí, teangacha ar líne, cúrsaí r-fhoghlama agus nuachtáin ar líne. Tá rochtain ag úsáideoirí anois ar os cionn 400 cúrsa r-fhoghlama, 295 r-irisleabhar agus teideal irise, os cionn 60 cúrsa teangacha eachtracha agus cúrsaí Béarla, na céadta nuachtán agus irisleabhar ó gach cearn den domhan agus bailiúchán fairsing r-leabhar agus r-chlosleabhar. Tá na seirbhísí ar fad ar fáil do bhaill leabharlainne laistigh den leabharlann agus trí rochtain chianda.

- *Feachtas Náisiúnta um Cheart chun Léimh (Right to Read)*

  Tionscnamh náisiúnta is ea Ceart chun Léimh a sheachadfar i ngach údarás áitiúil trí chreat a bheidh comhordaithe ar bhonn náisiúnta le haghaidh thacaíocht agus fhorbairt na litearthachta. Tá an creat seo á fhorbairt faoi Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta, faoi chathaoirleacht na Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus le hionadaíocht ó GBRÁ agus príomh-Ranna geallsealbhóra agus gníomhaireachtaí náisiúnta. In 2016, ghlac 23 údarás áitiúil páirt i staidéar píolótach arna chomhordú ag GBRÁ, chun dea-chleachtas agus samhlacha a bhunú do sheirbhísí tacaíochta litearthachta lena raibh an acmhainneacht do chur i bhfeidhm náisiúnta.

Lainseáil an **Chláir Náisiúnta Léitheoireachta Samhraidh do Pháistí 2016**, *Summer Stars,* le Anna Marie Delaney, Uasal, Príomhfheidhmeannach, Comhairle ContaeUíbh Fhailí Mary Stuart, Uasal, Leabharlannaí Contae Uíbh Fhailí; an tAire Stáit Damien English, T.D.; an Comhairleoir Eddie Fitzpatrick, Cathaoirleach, Comhairle Contae Uíbh Fhailí

- *Gnó agus Fostaíocht*

  Tá maoirseacht á déanamh ag Grúpa Stiúrtha Náisiúnta, faoi chathaoirleacht na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil le hionadaíocht ó GBRÁ agus príomh-Ranna geallsealbhóra agus gníomhaireachtaí náisiúnta, ar fhorbairt na seirbhísí leabharlainne chun tacú le gnó, fiontraíocht agus fostaíocht sa phobal áitiúil. In 2016, bunaíodh an méid seo a leanas le clár píolótach 6 mhí de 10 n-údarás áitiúla, arna chomhordú ag GBRÁ:

  - ról do leabharlanna poiblí chun tacú leis na hearnálacha sin;
  - sraith seirbhísí caighdeánacha a mbaineann luach leo dóibh;
  - príomhpháirtithe áitiúla le comhoibriú leo, i seachadadh na seirbhísí.

  Cuireadh tú leis an dara clár píolótach de 15 údarás áitiúla chun teimpléid agus prótacail a fhorbairt le haghaidh comhair chun tairiscint náisiúnta a bhunú.

- ***Cosain ár nUisce***

  Ó tháinig an ceangal isteach maidir le córais chóireála fuíolluisce tís a chlárú faoin Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012, sholáthair GBRÁ seirbhís bhiúró d'Údaráis Áitiúla. Rinneadh 3,313 clárúchán san iomlán a phróiseáil le linn na bliana.

- ***Soláthar***

  In Aibreán 2015, chomhaontaigh Grúpa Maoirseachta um Athchóiriú na hEarnála Poiblí Clár um Athchóiriú Soláthair lena raibh ceithre phríomhchuspóir:

  - Tacú le seachadadh seirbhísí poiblí trí phróisis éifeachtacha soláthair;
  - Éifeachtúlacht is féidir a sheachadadh trí sholáthar a fheabhsú;

- Rioscaí a bhaineann le soláthar a mhaolú agus
- Éascaíocht a dhéanamh don earnáil rialtais áitiúil maidir le páirt bhríomhar a ghlacadh in athchóiriú an tsoláthair atá á spreagadh ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR).

I measc na ngníomhaíochtaí a rinneadh chun tacú le seachadadh an chláir bhí:

- Rialachas agus Nósanna Imeachta
  Eisíodh treoirlínte chuig gach údarás áitiúil maidir leis na Pleananna Soláthair Chorparáidigh a ullmhú. Tá sé tuartha go mbeidh Plean Soláthair Chorparáidigh i bhfeidhm ag gach údarás áitiúil faoi ráithe 2, 2017.

- Córais
  Cuireadh feabhas suntasach ar an bpróiseas um shonraí soláthair a bhailiú agus a chur i dtoll a chéile in 2016 le cur chun feidhme sraith Cód Náisiúnta Táirgí. Leis na cóid sin is féidir comparáid a dhéanamh ar chaiteachas ar fud na hearnála agus an próiseas bainte sonraí a shimpliú.

- Scileanna
  Tugadh faoi chlár suntasacha um scileanna forbartha soláthair in 2016. Tionóladh ceithre Fhóram Oifigeach Soláthair le linn na bliana inar soláthraíodh oideachas, oiliúint agus deiseanna líonraithe do na hOifigigh Soláthair, rud a chuir feabhas ar ghairmiúlacht na feidhme san earnáil. Lena chois sin, cuireadh sparánachtaí ar fáil do na hOifigigh Soláthair chun oideachas creidiúnaithe a dhéanamh.

- Tacaíocht um Chomhlíonadh
  Lainseáil GBRÁ, tríd an Ionad um Sholáthar Straitéiseach Rialtais Áitiúil (LGSPC) an suíomh Eislín Soláthair in 2015 ina gcuirtear faisnéis riachtanach ar fáil maidir leis an dlí um sholáthar, na beartais agus creataí atá i bhfeidhm d'údaráis áitiúla. Freastalaíonn an suíomh ar os cionn 580 úsáideoir anois ar fud na hearnála rialtais áitiúil agus mheall sé os cionn 59,000 radharc leathanaigh. Cuidíonn Oifigeach tiomanta Tacaíochta agus Beartais um Chomhlíonadh leis na húdaráis áitiúla chun laghdú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le neamhchomhlíonadh maidir le ceanglais dhlíthiúla an tsoláthair agus maidir le comhlíonadh na samhla a chomhaontaigh an Rialtas.

- ***Córas Bainistíochta Airgeadais (CBA)***

Ó 2000 i leith, bhain 27 Údarás Áitiúil tairbhí suntasacha amach as an gCóras Bainistíochta Airgeadais (CBA) Agresso a chur chun feidhme. Tá an réiteach Agresso MS4 á chur chun feidhme sa 27 suíomh thar an tréimhse ó mhí Mheán Fómhair 2014 go dtí Ráithe 4, 2017 agus tá 14 shuíomh beo cheana agus tá 13 cinn eile ar siúl.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

- ***Straitéis fágála***

  Cuireadh imeacht na Gníomhaireachta ó TFC oibriúcháin ar aghaidh le linn na bliana trí sheirbhísí tacaíochta a chur i bhfeidhm do na gnéithe oibriúcháin de sheachadadh seirbhíse TF. Cuireadh tús chomh maith le próiseas dhíchoimisiúnú an bhonneagair náisiúnta foraoisí, chomh maith le haistriú go dtí seirbhís ríomhphoist néalbhunaithe in Office 365. Cuireadh an clár oibre chun deireadh a chur le hóstáil suíomhanna gréasáin ar aghaidh le baint 102 suíomh gréasáin ó bhonneagar GBRÁ faoi dheireadh na bliana. Táthar ag leanúint le tuilleadh oibre chun cuidiú leis na custaiméirí atá fágtha chun socruithe óstála malartacha a fháil.

- *Seirbhísí Comhroinnte TFC*

  Lean GBRÁ le Seirbhísí Comhroinnte a thairiscint don Chroíbonneagar Párolla, Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta (ÍCT), le córais atá tacaithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil do gach Údarás Áitiúil, amhail Rialú Foirgníochta, 'CheckTheRegister ' agus r-Thuairisceáin arna mbainistiú ag díoltóirí. Déanfar measúnú ar chórais GBRÁ le méadrachtaí cuí, nó mais chriticiúil údarás, de réir mar is cuí, chun bheith ina seirbhís chomhroinnte le haghaidh seachfhoinsiú agus bainistíocht amach anseo.

- ***Biúró NPPR***

  Soláthraíonn GBRÁ seirbhís bhiúró do na hÚdaráis Áitiúla, ag cur cúnaimh ar fáil dóibh siúd ar mian leo an muirear atá gearrtha ar úinéirí réadmhaoine Príomh-áite Cónaithe Príobháidí (NPPR) a íoc. Ó tugadh isteach an muirear, bailíodh €549,943,630 agus bailíodh €35,741,055 den tsuim sin in 2016.

Athchóiriú Rialtais Áitiúil a Chur chun Cinn

BAINISTÍOCHT CLÁR

Óna bunú i mí Eanáir 2012, bhí ról tábhachtach ag an Oifig Bainistíochta Clár (OBC) maidir leis an gclár athchóirithe rialtais áitiúil a chur ar aghaidh agus tacaíocht a thabhairt don earnáil ina hiarrachtaí oibriú ar mhodh níos éifeachtaí. Bhí OBC leabaithe go daingean i Rannán Bainistíochta Clár GBRÁ in 2016. Tá rialachas na seirbhíse comhroinnte agus na dtionscnamh athchóirithe á sholáthar ag Grúpa Maoirseachta um Athchóiriú na hEarnála Poiblí a spreagann maoirseacht na dtionscadal, a dhéanamh monatóireacht uirthi agus a choimeádann í. Go dtí seo, rinneadh 44 tionscadal a d'eascair ón modheolaíocht bainistíochta tionscadal.

Áiríodh ar thionscnaimh úra um athchóiriú a faomhadh lena gcur ar aghaidh go dtí cás gnó le linn 2016:

- Catalóg Náisiúnta Seirbhíse um Rialtas Áitiúil
- Oifigí Réigiúnacha um Athrú Aeráide
- Seachadadh Uisce Tuaithe ag Údaráis Áitiúla

Forbraíodh cás gnó substaintiúil do Thionscadal na Creat-treorach Uisce, Cuid B agus rinneadh meastóireacht agus athbhreithniú piaraí Ghrúpa Maoirseachta um Athchóiriú na hEarnála Poiblí agus faomhadh é.

- ***Catalóg Náisiúnta Seirbhíse um Rialtas Áitiúil na hÉireann***
  Sa Chlár Gníomhaíochta do Rialtas Áitiúil Éifeachtach, "*Tús Áite a Thabhairt do na Daoine*" cuirtear béim láidir ar fheabhas ar eispéireas na seirbhíse do chustaiméirí. Soláthraíonn na hÚdaráis Áitiúla raon éagsúil seirbhísí (sa bhreis ar 500) do shaoránaigh agus sainaithníodh an gá le caighdeánú agus trédhearcacht fheabhsaithe i dtaca le stór seirbhísí agus na struchtúir agus na coinníollacha bunaidh. Rinneadh Bord Tionscadal, faoi struchtúir rialachais GBRÁ iniúchadh ar Chatalóg Náisiúnta Seirbhíse um Rialtas Áitiúil na hÉireann (ILGNSC) a thabhairt isteach. I mí Deireadh Fhómhair 2016, d'fhaomh Grúpa Maoirseachta um Athchóiriú na hEarnála Poiblí (PSROG) an Doiciméad Tionscnaimh Tionscadail ag cur ar chumas na Foirne Tionscadail (a bunaíodh i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh) dul chun cinn leis an gCás Gnó a chur i gcrích in 2017.

- ***Oifigí Réigiúnacha um Athrú Aeráide***

In mí na Samhna 2016, rinne an Fochoiste um an Athrú Aeráide de chuid Choiste Comhshaoil, Athraithe Aeráide agus Pleanála Éigeandála CBCC Doiciméad Tionscnaimh Tionscadail a fhorbairt le haghaidh Samhail Oifigí réigiúnacha um Athrú Aeráide agus comhaontaíodh é sin ag cruinniú Ghrúpa Maoirseachta um Athchóiriú na hEarnála Poiblí (PSROG) i mí na Nollag, 2016. Cruthaíodh Bord agus Foireann Tionscadal, le hionadaíocht ón Roinn Cumarsáide, Gníomhú Aeráide agus Comhshaoil, ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus ó údaráis áitiúla, chun obair ar Chás Gnó a chur chun cinn.

Sa Chás Gnó atá á chur ar aghaidh, tugtar le tuiscint go mbainfear sineirge shoiléir amach trí shamhail a fhorbairt agus a sheachfhoinsiú, lena gcomhordófar forbairt na bpleananna um athrú aeráide ar leibhéal réigiúnach, mar chuid den chur chuige náisiúnta uileghabhálach maidir leis an athrú aeráide. Lena chois sin, cuirtear in iúl ann go mbeidh cumas níos fearr ag an earnáil leis na spriocanna atá leagtha amach i gcomhaontuithe éagsúla agus reachtaíocht éagsúil a bhaint amach, má tá siad pleanáilte, ar bhealach comhordaithe agus comhtháite ar leibhéal réigiúnach.

- ***Seachadadh Uisce Tuaithe ag Údaráis Áitiúla.***

I ndiaidh aistriú na bhfeidhmeanna a bhaineann le Soláthairtí Uisce Poiblí chuig Uisce Éireann, lean na hÚdaráis Áitiúla le feidhmeanna seirbhísí uisce a choimeád i dtaca le:

- Grúpscéimeanna Uisce
- Grúpscéimeanna Séarachais
- Soláthairtí Príobháideacha Beaga
- Toibreacha Aonair

D'fhaomh an PSROG an PID le haghaidh Seachadadh Seirbhíse na nÚdarás Áitiúil i mí na Nollag 2016. Is é is aidhm leis an tionscadal samhail a shainaithint lena mbainfear amach éifeachtúlachtaí agus feabhas ar sheachadadh an uisce tuaithe, i gcomhlíonadh iomlán maidir le rialacháin agus ról reachtúil na nÚdarás Áitiúil mar Údaráis Mhaoirseachta, agus a bheith ar an eolas ag an am céanna faoi bhunathrú chun feabhais na seirbhísí uisce poiblí.

Forbrófar an tionscadal ar an gcur chuige comhpháirtíochta idir na hÚdaráis Áitiúla, Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce (NFGWS) agus na Grúpscéimeanna Uisce (GWS) agus treiseofar é leis, chun leibhéal seirbhíse comhsheasmhach agus caighdeánaithe a sheachadadh ar fud na tíre, a bheidh inbhuanaithe agus a chothóidh muinín an phobail.

Scéim Séarachais Bhá Bheanntraí

- ***Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)***

  Déantar ionadaíocht ar son GBRÁ ar Mhaoirseacht ÍCT, ar Bhord Tionscadal ÍCT agus déantar ionadaíocht di ar Fhochoiste agus ar Ghrúpa Cumarsáide ÍCT. Chuidigh GBRÁ le Comhairle Contae agus Cathrach Luimnigh (a raibh an cúram acu an phróiseáil idirbheart láraithe a dhéanamh thar ceann na n-údarás), lena gceanglais ÍCT i seachadadh na seirbhíse chuig gach údarás ag baint úsáid as ÍCT.

  In 2016, bhain 28 údarás agus Feidhmeannach Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath leas as an gcóras. Ag deireadh 2016, bhí 18,230 tionóntacht ÍCT bunaithe sa chóras. Leanfadh leis na húdaráis eile a chur ar bun in 2017.

- ***Bainistíocht Náisiúnta um Rialú Foirgníochta***

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

Tionscadal comhoibríoch Seirbhísí Comhroinnte is ea Tionscadal na Bainistíochta Náisiúnta um Rialú Foirgníochta a forbraíodh idir an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, GBRÁ, 31 páirtí leasmhar údaráis áitiúil, agus comhoibrithe tionscail, chun riarachán leictreonach agus maoirseacht cúrsaí a bhaineann le Rialú Foirgníochta a chumasú. Tionscadal ceithre cholún is ea an tionscadal ina gcuimsítear oiliúint, tacaíocht um chomhlíonadh agus cigireachtaí, tacaithe ag cumasóir TF - an Córas um Bainistíocht Rialaithe Foirgníochta (BCMS).

In 2016 rinneadh athbhreithniú ar an bplean Gnó don tionscadal seo agus rinneadh moladh go ndéanfaí Príomhúdaráis Áitiúil an tionscadal a sheachadadh in 2017. Beidh tairiscintí ar siúl don Phríomhúdarás Áitiúil Rialaithe Foirgníochta in 2017 chomh maith le feabhsuithe córais i dtaca leis na modúil um Shábháilteacht Dóiteáin, Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Cigireacht.

Príomhstaitisticí - 2016

- Tá 100% d'idirbhearta le hÚdaráis Rialaithe Foirgníochta ar líne anois.
- Cláraíodh 53,993 úsáideoir leis na gcóras;
- Dúnadh 1,763 fiosrúcháin in 2016;
- Cuireadh oiliúint ar fáil do 15 Údarás Rialaithe Foirgníochta;
- Eisíodh Foláirimh BCMS le ríomhphost chuig an 53,000 úsáideoir eile maidir le himlitreacha na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil;
- Seachadadh cuir i láthair ar an tionscadal ag 3 sheimineár náisiúnta.

Staitisticí an Bhoird Náisiúnta um Rialú Foirgníochta 2016

Staitisticí 2016 1 Eanáir-31 Nollaig				*Iomlán FTFanna*	*Iomlán na nDeimhnithe um Chomhlíonadh CCC*
Fógra um Thosach Feidhme	*Fógra um Thosach Feidhme Rogha an Diúltaithe*	*Fógra Seacht Lae*	*Gearrfhógra um Thosach Feidhme*		
6328	**2467**	**897**	**2577**	**12269**	**3505**

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

- ***Bainistíocht Fiachais***

  D'fhaomh an PSROG cás gnó le haghaidh cumhachtaí forfheidhmiúcháin níos láidre d'údaráis áitiúla i Márta 2016. Leis an gcás gnó moltar reachtaíocht chun cumhachtaí forfheidhmiúcháin a shannadh d'údaráis áitiúla cosúil leis na cinn atá ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim chun iad seo a leanas a chur san áireamh: an chumhacht billí do rátaí nach bhfuil íoctha a chur lena bhailiú ag an Sirriam Ioncaim; Orduithe Astaithe; ceanglas a thabhairt isteach maidir le Deimhniú um Chomhlíonadh Rátaí le haghaidh ceadúnais reachtúla; conarthaí na hearnála poiblí agus deontais stáit; agus corprú rátaí tráchtála i gcóras na nDeimhnithe Imréitigh Cánach arna oibriú ag na Coimisinéirí Ioncaim.

  D'fhormhuinigh an Bord um Thionscadal Bainistíochta Fiachais faoi stiúir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Cás Gnó ar foilsíodh a thuarascáil i mí na Nollag 2016. D'oibrigh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, i gcomhar le hionadaithe ó earnáil na n-údarás áitiúil ar fhorbairt na tograí reachtacha chun dul i ngleic le nuachóiriú agus comhdhlúthú na reachtaíochta reatha ar rátaí, atá leata thar tuairim is 20 píosa éagsúil reachtaíochta. Tá an obair seo tacaithe ag Coiste Airgeadais CBCC agus ionadaithe ó na Cinn Airgeadais.

  In 2016, d'fhorbairt FR, i gcomhpháirtíocht leis an ngrúpa Stiúrtha Náisiúnta Bainistíochta Fiachais agus chuir siad trí chúrsa oiliúna i gcrích i mBainistíocht Fiachais. Soláthraíodh Seimineár maidir le Cleachtais Bainistíochta Fiachais do chleachtóirí údaráis áitiúil chomh maith. I ndiaidh an obair shuntasach a rinneadh in 2015 maidir le laghdú a dhéanamh ar riaráistí, bhí an earnáil socraithe agus bhain sí ráta bailithe uaillmhianach de 84% amach le haghaidh 2016.

- ***Clár um Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntas (HPSS)***

  Leis an gClár um Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntas (HPSS) cuirtear ar chumas na nÚdarás Áitiúil agus eagraíochtaí eile de chuid na hEarnála Poiblí seirbhís AD, Párolla agus coimhdeacha a sholáthar go héifeachtach, go beacht agus go slán laistigh den Earnáil Phoiblí.

  Leanadh leis an bPlean Náisiúnta um Chur i bhFeidhm a d'fhaomh an Bord Clár in 2014 le linn na bliana agus fócas ar: Cur chun Feidhme *MyPay*, tástáil phíolótach de CORE Leagan 19 agus na hÚdaráis Áitiúla ag teacht ar bord. Ceapadh an Plean Náisiúnta um Chur i bhFeidhm mar bhealach chun cláir éagsúla oibre atá ar bun san earnáil a chomhordú.

Bord Clár HPSS

- *Párolla Comhroinnte*

  D'oibrigh GBRÁ go comhoibríoch le hIonad na Seirbhísí Comhroinnte i gComhairle Contae Laoise ag cur bainistíocht tionscadal ar fáil do chur chun feidhme an Párolla Comhroinnte. Faoi dheireadh 2016, bhí cur chun feidhme i 26 suíomh údarás áitiúil curtha i gcrích. Táthar ag leanúint le hobair idir GBRÁ, MyPay agus CORE chun feabhas a chur ar oibríocht an mhalartaithe sonraí Párolla idir Údaráis Áitiúla agus MyPay.

- *Uasghrádú ar Chóras CORE*

  Leanadh leis an uasghrádú ar threoirthionscadal CORE Leagan 19 in 2016 agus bhí 21 Údarás Áitiúil aistrithe faoi dheireadh na bliana. Beidh an 5 Údarás Áitiúla eile curtha i gcrích faoi R1 2017.

- *Comhtháthú na Suíomhanna Eile*

  Bhí rannpháirtíocht leanúnach ar siúl le linn 2016, le húdaráis áitiúla atá le comhtháthú fós sa chóras:

  - Chuaigh Comhairle Cathrach Chorcaí beo ar CORE Leagan 19 agus ar chuid de sheirbhís chomhroinnte MyPay faoi dheireadh na bliana.
  - Beidh Comhairlí Contae Fhine Gall agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin beo faoi R2, 2017 ar L19 agus beidh siad beo ar Sheirbhís Chomhroinnte MyPay faoi R3, 2017.
  - Tá GBRÁ ag obair le Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Loch Garman agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun an t-aistriú go Clár Náisiúnta agus leagan caighdeánach de CORE in 2017 a thionscain.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

- *Ullmhacht Sonraí Aoisliúntas*

  Thug GBRÁ tacaíocht d'údaráis áitiúla chun leibhéal ullmhachta a bhaint amach lena sonraí Aoisliúntais lena n-aistriú chuig Ionad na Seirbhísí Comhroinnte mar chuid den Tionscadal foriomlán um Aoisliúntas Comhroinnte. Ag deireadh na bliana bhí 6 Údarás Áitiúla beo ar sheirbhís Aoisliúntais MyPay agus tá sé beartaithe go mbeidh na húdaráis áitiúla eile beo in 2017 agus i dtús 2018.

- *Comhéadan CBA*

  Cuireann an comhéadan idir Córas CORE agus an Córas Bainistíochta Airgeadais bonn is taca faoin nasc idir dhá mhórchóras tacaíochta gnó údaráis áitiúil. Le linn 2016, rinneadh an comhéadan sin a leasú chun éascaíocht a dhéanamh do chuíchóiriú Grúpa Pá agus MyPay d'fhonn éifeachtúlacht a mhéadú. Forbraíodh eagrán eile den chomhéadan seo chun teach le leaganacha amach úra sonraí CBA Agresso agus Milestone 4.

- *An Córas Bainistíochta Sábháilteachta (CBS)*

  Tháinig plean tionscadail an Chórais Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) i ndiaidh CORE Leagan 19 a chur chun feidhme. Cuirfear an córas i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta i R1 2017 agus déanfaidh an Comhchoiste Stiúrtha um Bainistíocht Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht agus LASOG, Grúpa Oifigeach Sábháilteachta na nÚdarás Áitiúil maoirseacht air ar an gcéad dul síos.

- *An Coiste um Chaighdeáin Náisiúnta (CCN)*

  Oibríonn CCN thar ceann an Bhoird Chlár maidir le cúrsaí um chaighdeánú agus lean sé lena chuid oibre ar iarratais ar athrú bogearraí ó eagraíochtaí rannpháirteacha a bhreithniú. Lean CCN lena athbhreithniú ar chumraíocht an CBFF úir agus tá seachadadh na mbogearraí chun aghaidh a thabhairt ar PMDS agus Scóráil Chomhiomlán Inniúlachta tuartha le haghaidh thús 2017. Lean an Coiste le príomhról a bheith aige maidir leis an gcaighdeán náisiúnta chun déileáil le saoire bhreoiteachta agus íocaíochtaí leasa shóisialaigh a shainiú.

Ionadaíocht Earnála a Sholáthar

Le linn 2016, lean Rannóg na Rannpháirtíochta Fostaithe le tacaíocht a thabhairt d'Údaráis Áitiúla trí chomhairle a sholáthar do na Príomhfheidhmeannaigh, na Stiúrthóirí Seirbhíse agus Oifigigh AD maidir le cúrsaí Dlí um Fhostaíocht, Caidreamh Tionsclaíoch agus Acmhainní Daonna, lena n-áirítear comhairle ar ghnéithe ceisteanna casta fostaíochta agus ionadaíocht in éisteachtaí tríú páirtithe.

Lena chois sin, lean an Rannóg le comhairle a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le próisis um bainistíocht coinbhleachtaí, comhar a éascú chun díospóidí a réiteach agus réiteach díospóidí san áit oibre chomh luath agus is féidir a chur chun cinn. Áiríodh leis sin comhairle mhionsonraithe agus tacaíocht maidir le casaoidí, smacht, bulaíocht agus gearáin faoi chiapadh.

Ba í 2016 an chéad bhliain a raibh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) i bhfeidhm faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015. Déanfar foráil sa socrú úr do bhealach aonair do gach díospóid fostaíochta in Éirinn.

- ***Ionadaíocht um Chaidreamh Tionsclaíoch***

  Le linn na bliana, rinne Rannóg na Rannpháirtíochta Fostaithe ionadaíocht ar son Údarás Áitiúil ar os cionn 100 cás, cuid díobh ar bhain a lán dátaí éisteachta leo faoi Sheirbhís Breithniúcháin CCÁO. Chomh maith leis sin, chuir GBRÁ ionadaíocht ar fáil do thart ar 20 comhéileamh áitiúil faoi choimirce Sheirbhís Idir-Réitigh CCÁO. Bhí éilimh náisiúnta a ardaíodh trí Chomhairle Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil agus tríd an nGrúpa Maoirseachta ar Chomhaontú Bhóthar Lansdún ina ngné shuntasach le linn na bliana chomh maith, agus cuireadh cuid díobh chuig an nGrúpa Náisiúnta Maoirseachta lena réiteach nó lena n-athbhreithniú. Ní áirítear sna figiúirí roimhe seo cásanna ar cuireadh bac orthu i ngeall ar chomhairle agus ar thacaíocht a thug an Rannóg.

- ***Grúpa Comhairliúcháin Uisce Éireann (IWCG)***

  Lean IWCG ag teacht le chéile le linn 2016 chun dul i ngleic le príomhchúrsaí a bhain le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Seirbhíse idir na húdaráis áitiúla aonair agus Uisce Éireann. Go príomha, bhain an phríomhcheist a pléadh le chur chun feidhme chomhaontú CCÁO d'Eanáir 2016 a bhaineann leis na líonta foriomlána agus tabhairt chun rialtachta na bpost sealadach agus gníomhach san earnáil.

- ***Grúpa Náisiúnta Maoirseachta agus Cur chun Feidhme na Seirbhísí Dóiteáin (FSNOIG)***

  Soláthraíonn FSNOIG fóram le haghaidh comhrannpháirtíocht lucht bainistíochta agus fostaithe maidir le líon príomhchúrsaí beartais agus nós imeachta a bhaineann le seirbhísí comhraiceoirí dóiteáin coimeádta agus lánaimseartha. Faoin FSNOIG bunaíodh líon Comhchoistí Oibre chun cuidiú le forbairt beartais sna réimse seo a

leanas: Tástáil agus Seirbhísiú Trealaimh; Treoir do Bhainistíocht Riosca Bóithre agus Tiomáint Feithiclí Seirbhíse Dóiteáin; Freastal Réamhchinnte; Catagóiriú Riosca na Láithreach agus Bailíocht Sheachtrach; Athbhreithniú an Chórais Ceannasaíochta Náisiúnta Teagmhas; Breithniú ar fhéidearthacht agus ar fhorbairt togra le haghaidh comhair seirbhísí dóiteáin leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna chun freagairt a thabhairt ar 'Ghlaonna Éigeandála '999' de Stádas Cliniciúil 1 cuí agus Treoir um Oibriú Caighdeánach (TOCanna).

- ***Grúpa um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí***

Lean rannóg na Rannpháirtíochta Fostaithe in éineacht leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil le hionadaíocht a dhéanamh don earnáil ar an nGrúpa seo in 2016. Tá an Grúpa seo faoi chathaoirleacht na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Díríonn an Grúpa go príomha ar chomhaontuithe pá agus beartais na hEarnála Poiblí agus breithníonn sé ceisteanna AD agus CP earnála eile.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

Tacaíocht a thabhair do Chumann na Bainistíochta Contae agus Cathrach (CBCC)

In 2016, rinneadh Cumann na Bainistíochta Contae agus Cathrach (CBCC) a choistí a athchoimriú chun teacht leis na héilimh ar an earnáil atá ag athrú. Is iad coistí CBCC:

- Feidhmeannach
- Tithíocht agus Foirgníocht
- Talamhúsáid agus Iompar
- Eacnamaíoch, Fiontraíocht, Pobail agus Cultúr
- Comhshaol, Athrú Aeráide agus Pleanáil Éigeandála
- Uisce
- Corparáideach

Le linn na bliana, rinneadh CBCC 55 aighneacht ar thopaicí amhail Bainistíocht an Chomhshaoil, Forbairt Fiontraíochta, Airgeadas Rialtais Áitiúil, Beartas Pleanála, Iompar agus Tithíocht.

AIGHNEACHTAÍ CHUIG COISTÍ AN OIREACHTAIS

- Chuir CCBA cur i láthair maidir le seachadadh na tithíochta sóisialta faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine.

- Cuireadh cuir i láthair ina dhiaidh sin faoi bhráid Comhchoiste an Oireachtais maidir le Tithíocht, Pleanáil, Pobal agus Rialtas Áitiúil ar sheachadadh '*Rebuilding Ireland: An Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine'.*

- Chuir CCMA cur i láthair faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais maidir le Tithíocht, Pleanáil, Pobal agus Rialtas Áitiúil i dtaca le Coistí um Pobal agus Forbairt Áitiúil agus na Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail.

An Méid a Baineadh Amach san Earnáil a Chur chun Cinn

CUMARSÁID

Chuidigh GBRÁ le grúpaí oibre cumarsáid a dhéanamh maidir le dul chun cinn i dtaca leis na hOifigí Fiontair Áitiúil (OFÁnna), Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) agus na Coistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail (CFÁPanna).

Chuir Grúpa Oibre Cumarsáide, atá príomhshrutha mar fhochoiste CCBA, tús le Plean Cumarsáide a ullmhú don earnáil, a glacadh ar bhonn náisiúnta. Sa ghrafaic thíos leagtar amach prionsabail agus cuspóirí an Phlean Cumarsáide.



Chomhordaigh GBRÁ freagairtí an phreasa náisiúnta thar ceann CCBA ar thopaicí lena n-áirítear Tithíocht, Athchóiriú an Rialtais Áitiúil, Leabharlanna, Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontraíochta, Rialú Foirgníochta agus Coistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail. Chomhordaigh GBRÁ an dara lá feachtais Twitter ***#OurCouncilDay***. Shroich sé sin thart ar 2.3 milliún cuntas le 26.5 milliún barúil.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

Thug GBRÁ tacaíocht don Ghrúpa Náisiúnta um Chomhordú maidir le Tuilte a bhain le cumarsáid fhairsing dhá bhealach lena chinntiú go ndearnadh gníomhaíochtaí an rialtais áitiúil chun dul i ngleic leis an ngéarchéim tuilte a thuairisciú ar bhonn náisiúnta agus gur tuairiscíodh an fhreagairt náisiúnta ar bhonn áitiúil.

Cumann na Bainistíochta Contae agus Cathrach 2016

Foghlaim agus Forbairt Earnála

- ***Clár Gnó Harvard***

  Thacaigh GBRÁ le ceithre rannpháirí freastal ar Chlár Harvard d'Fheidhmeammaigh Shinsearacha sa Rialtas Stáit agus Áitiúil in 2016 a sheachadann JFK School of Government in Harvard University. Bhí aiseolas ó rannpháirtithe an chúrsa thar a bheith dearfach agus tacaíonn sé leis an tacaíocht leanúnach don chlár uathúil agus dúshlánacha seo.

- ***Oiliúint ar Bhainistíocht Athruithe d'Fhoireann na nÚdarás Áitiúil***

  Sheachaid FR sraith de chlár oiliúna ar Bhainistíocht Athruithe do bhaill foirne shinsearacha údaráis áitiúil atá bainteach le tionscadail um athchóiriú a sheachadadh ar bhonn áitiúil nó ar fud na hearnála ag baint úsáid as an gcás-stáidear ó chumasc dhá Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Seachadadh 5 cheardlann san iomlán chuig 48 oifigeach sinsearach údaráis áitiúil.

- ***Clár Forbartha Céimithe***

  I gcomhpháirtíocht le FR, rinne GBRÁ maoirseacht ar sheachadadh rathúil dhara bliain an Chláir Forbartha Céimithe lenar bhain cúrsa oiliúna creidiúnaithe a thairiscint do gach céimí fostaithe (thart ar 100) leis an gcomhlacht b'oiriúnaí dá réimse scileanna ina raibh siad earcaithe.

- ***Oiliúint ar Chumarsáid***

  Cuireadh oiliúint ar fáil don earnáil ar na meáin dhigiteacha agus scileanna urlabhraithe. Tionóladh comhdháil do phearsanra cumarsáide na n-údarás áitiúil ar an téama 'an tSochaí Dhigiteach'.

- ***Comhdháil Bhliantúil maidir le hAcmhainní Daonna – '****HR Building a Resilient Workforce for a New Environment*'

  San 18ú Comhdháil Bhliantúil Údaráis Áitiúil maidir le hAcmhainní Daonna i mí Dheireadh Fómhair soláthraíodh faisnéis cothrom le dáta do thoscairí maidir le Foghlaim agus Forbairt; Caidreamh Tionsclaíoch; Máistir-rang Ceannaireachta; Lucht Saothair na Todhchaí a Fhorbairt agus Bainistíocht agus Spreagadh Tallainne.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

C-D Maggie O'Brien, Uasal, GBRÁ; an tUasal Keith McCarthy, Mazars; an tUasal Frank Kelly, (Cathaoirleach); Jane Brophy, Uasal, GBRÁ; an tUasal Loughlin Quinn, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Dea-Rialachas a Chur chun Cinn

Rialachas Corparáideach

Tá GBRÁ tiomanta do na caighdeáin is airde um rialachas corparáideach a choimeád i gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Rinne Iniúchóirí Inmheánacha, RSM, iniúchadh ar leordhóthanacht agus éifeachtúlacht na socruithe um Rialachas Corparáideach arna leagan amach i gCód Cleachtais 2009, le linn 2015. Ba é toradh an iniúchta ag an am go raibh *'córas láidir rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe ann ar cheart dóibh a chinntiú go mbainfeadh siad na cuspóirí amach go hiomlán'.*

Tháinig an Cód Cleachtais leasaithe maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2016. Tá an Cód nuashonraithe roinnte ina shraith doiciméad ina gcuimsítear an Príomhchód agus doiciméid níos mionsonraithe ina leagtar amach ceanglais an Chóid faoi na ceannteidil seo a leanas:

- An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit
- Ceanglais um Ghnó agus um Thuairisciú Airgeadais
- An Coiste Treoir um Iniúchóireacht agus Riosca
- Luach Saothair agus Aoisliúntas
- Ceistneoir maidir le Meastóireacht Féinmheasúnaithe an Bhoird

In athbhreithniú ar Anailís um Chomhlíonadh i gcoinne an Chóid úir sainaithníodh clár oibre a chuirfear chun feidhme le linn 2017, faoi threoir Choiste Iniúchóireachta agus Riosca GBRÁ.

STRUCHTÚR RIALACHAIS GBRÁ



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

Ballraíocht an Bhoird

Tá comhaltaí an Bhoird comhdhéanta de 11 chomhalta (8 bPríomhfheidhmeannach Údaráis Áitiúil arna n-ainmniú ag Comhairle an Bhoird agus 3 ainmní de chuid an Aire). Suíonn Príomhfheidhmeannaigh a ainmnítear chun Bhord GBRÁ go comhuaineach ar Fheidhmeannas GBRÁ. Maireann ceapacháin de chuid an aire go ginearálta ar feadh tréimhse trí bliana.

Tionóltar cruinnithe Boird gach dhá mhí. Ní íoctar táillí bliantúla ar bith leis na comhaltaí Boird. Níor íocadh speansais ar bith leis na comhalta Boird i dtaca le freastal ar chruinnithe do 2016.

FREASTAL AR CHRUINNITHE AN BHOIRD IN 2016

Comhalta	Post	Nótaí	Freastalaíodh Orthu	Incháilithe chun freastal orthu
An tUasal P. Carey	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chill Dara	CATHAOIRLEACH ó 11/15	6	6
An tUasal P. Gallagher	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae na hIarmhí	Ceaptha 10/15	4	5
An tUasal C. Clancy	Príomhoifigeach, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Ainmnithe don Bhord 2/15	6	6
An tUasal O. Keegan,	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Ainmnithe don Boird 10/14	3	6
An tUasal P. Lemass	Rúnaí Cúnta, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Ainmnithe don Bhord 08/14	5	6
An tUasal T. Lucey	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chorcaí	Ceaptha CE Chorcaí 05/14	4	6
An tUasal S. Neely	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún na nGall	Feidhmeannach CCBA 10/14	5	5
An tUasal D. O'Connor	Ainmní de chuid an Aire	Ainmnithe don Bhord 11/13	5	6
P. Poole, Uasal	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Feidhmeannach CCBA 10/14	3	5

An tUasal M. Walsh	Príomhfheidhmeannach, Údaráis Áitiúla Phort Láirge	Feidhmeannach CCBA 10/14	4	5
An tUasal J. MacGrath	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Thiobraid Árann	Feidhmeannach CCBA 10/14	5	6
J. Maguire, Uasal	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae na Mí	Feidhmeannach CCBA 10/16	1	1
An tUasal T. Enright	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Loch Garman	Feidhmeannach CCBA 10/16	1	1
An tUasal C. Murray	Príomhfheidhmeannach, Údaráis Áitiúla Luimnigh	Feidhmeannach CCBA 10/16	0	1
An tUasal B. McGrath	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Feidhmeannach CCBA 10/16	0	1

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Cuireann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca dearbhú rialachais neamhspleách ar fáil don Bhord. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste in 2016:

P. Poole, Uasal (Cathaoirleach)	Príomhfheidhmeannach	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
An tUasal J. Mulholland	Príomhfheidhmeannach	Comhairle Contae Laoise
C. Henehan, Uasal	Bainisteoir Roinne Iarthar Chorcaí	Comhairle Contae Chorcaí
A. O'Neill, Uasal	Ceann Airgeadais agus TFC	Comhairle Contae Loch Garman
An tUasal A. Connolly	Oifigeach Neamhphoiblí	

Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord, déanann sé idirchaidreamh dlúth leis na hIniúchóirí Inmheánacha agus tá sé freagrach as pleanáil agus athbhreithniú maidir leis an gclár bliantúil um Iniúchóireacht Inmheánach. Chuir an tIniúchóir Rialtais Áitiúil cur i láthair faoi bhráid an Choiste i mí na Bealtaine 2016 agus chuir siad le cuntais agus torthaí Iniúchadh an Rialtais Áitiúil maidir leis an tréimhse airgeadais ó Eanáir go Nollaig 2015. Tháinig an Coiste le chéile trí huaire le linn 2016.

Bainistíocht Riosca

Tá GBRÁ tiomanta do bhainistíocht riosca mar chuid lárnach dá oibríochtaí trí straitéisí a chur chun feidhme chun na bagairtí ar spriocanna agus cuspóirí eagraíochtúla a bhaint amach a íoslaghdú. Meastar go bhfuil Bainistíocht Riosca ina gné riachtanach den

ghnáthbhainistíocht laethúil agus is mír bhuan í ar chláir oibre an Bhoird, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus na Foirne Bainistíochta Sinsearaí. Leanann GBRÁ le próisis Bainistíochta Riosca a fhorbairt, lena n-áirítear cothabháil Chlár Riosca GBRÁ. Déantar athbhreithniú ar rioscaí ar bhonn leanúnach agus déantar bearta um maolú, nuair is féidir agus nuair is cuí. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an mbainistíocht riosca agus tugann sé comhairle don Bhord maidir leis na príomhrioscaí atá i réim ag deireadh gach ráithe.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Ceanglaítear ar gach pearsanra sinsearach, comhalta Boird GBRÁ agus sealbhóirí poist ainmnithe ar bith san eagraíocht ráitis bhliantúla a chur isteach maidir le comhlíonadh na nAchtanna sin.

Tuarastal – Príomhfheidhmeannach(PF)
Tá an tuarastal a thugtar do PE coibhéiseach leis an Rúnaí Cúnta – Státseirbhís agus méideanna suas le €143,535 in aghaidh na bliana. Ní bhaineann íocaíochtaí bónais ar bith leis an bpost.

Soláthar Corparáideach
Tá gníomhaíochtaí soláthair uile GBRÁ treoraithe ag na Treoirlínte agus na Beartais um Sholáthar Poiblí arna bhfoilsiú ag an Roinn Airgeadais. Baineann GBRÁ leas as na creataí um sholáthar a bunaíodh faoin tSeirbhís Náisiúnta Soláthair le haghaidh seirbhísí lena n-áirítear Páipéarachas, Leictreachas agus Gás. Cloíonn na nósanna imeachta um sholáthar inmheánach leis an dea-chleachtas molta lena n-áirítear deighilt dualgas, tuairisciú bainistíochta rialta agus córas d'údarú caiteachais. Faoi Nósanna imeachta um Sholáthar GBRÁ, teastaíonn cead ón mBord don chaiteachas uile os cionn tairsí comhaontaithe.

Tuarascáil Bhliantúil Fuinnimh GBRÁ 2016
Áitíonn oifigí GBRÁ 34,002 troigh chearnach de spás oifige i mBaile Átha Cliath 8 ar fud 2 fhoirgneamh. Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí sonraí fuinnimh a thuairisciú gach bliain faoi IR 426 de 214 (agus faoi IR 542 de 2009 roimhe sin). Chuir GBRÁ tús le tuairisciú a dhéanamh ar a úsáid fuinnimh ó 2009 (an Bhonnlíne) ag baint úsáid as an gcóras ar líne M&T (a d'fhorbair ÚIFÉ agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha). Go dtí seo rinne an Ghníomhaireacht coigiltis de 35.5% ón mbonnlíne (2009) mar atá foilsithe i dTuarascáil 2016 ÚIFÉ. Léiríonn sé sin gur sháraigh GBRÁ ráta éifeachtúlachta na bonnlíne agus tá sé ar an mbóthar ceart chun sprioc 2020 a bhaint amach.

Tháinig laghdú 7.2% ar úsáid fhoriomlán fuinnimh GBRÁ do 2016 i gcomparáid le figiúirí 2015.

Is é Aibreán 2017 an chéad timthriall tuairiscithe eile.

Aguisín 1

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016 UM LUACH SAOTHAIR NA HIASACHTA POIBLÍ

Luach Saothair ó Iasachtaí leis an bPobal
Public Lending Remuneration

Public Lending
Remuneration Scheme

Eighth Annual Report

for the year ending 31st
December 2016

LGMA
AN GHNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL
LOCAL GOVERNMENT MANAGEMENT AGENCY

Contents

1. Introduction 1

1.1 Legislative Basis 1

1.2 Statutory Instrument 1

1.3 Management of the PLR Scheme 1

2. The PLR Process 1

3. Collection of Loans Data 2

4. Author and Title Registrations 2

5. PLR Payments 2016 2

6. British Library, Public Lending Right UK 2

7. Communications and Publicity 2

8. Finance 3

9. Acknowledgements 3

10. Appendices 4

10.1 Summary of Payments 4

10.2 Summary of Payment Methods 4

10.3 Payment of Country of Residence 5

10.4 Spread of payment amounts 5

1. Introduction

1.1 Legislative Basis

Public Lending Right is the exclusive right of an author to loan her/his book, and it was introduced into Irish law by the *Copyright and Related Rights (Amendment) Act 2007.* The Act brought Irish legislation into compliance with European law.[1] The Act specifies that the lending right applies unless a remuneration scheme is in place, and provided for the establishment of a remuneration scheme by the Minister of the Environment, Heritage and Local Government.

1.2 Statutory Instrument

The regulations establishing the scheme, the Copyright and Related Rights (Public Lending Remuneration Scheme) Regulations 2008 were issued on 31st December 2008.[2] (S.I. No. 597 of 2008). Under the Public Lending Remuneration (PLR) scheme, payment is made to authors, illustrators etc whose books are borrowed from public libraries. The Copyright and Related Rights (Public Lending Remuneration Scheme (Amendment) Regulations 2013, S.I. No. 221 of 2013 were signed on 20th June 2013.[3]

1.3 Management of the PLR Scheme

Under the regulations the Chief Executive Officer of the Local Government Management Agency was designated as Registrar of Public Lending Remuneration. Libraries Development manages the PLR scheme which is funded by the Department of the Environment, Community and Local Government.

The PLR Office working in cooperation with the British Library, Public Lending Right UK have developed systems to provide enhanced services resulting in more streamlined and efficient registration and related PLR services for authors.

2. The PLR Process

Under PLR, a payment will be made to registered authors, citizens of or resident in the European Economic Area (EEA), in respect of books registered with the PLR and loaned by public library authorities.

Authors are required to register with the PLR Office, providing details of the books for which they wish to claim remuneration.

---

[1] Directive 2006/115/EC, OJ L 376, 27.12.2006, p. 28–35.
[2] S.I. No. 597 of 2008.
[3] S.I No 221 of 2013.

Public library authorities provide the PLR Office with details of their loans, including the number of times each book in their collections is issued during the year.

At the end of the PLR period, the loans data from each authority is matched to the author/title data and a list of authors whose books have been loaned, and the number of issues of each, is produced. The amount that each qualifying author is to receive is calculated and payments made.

3. Collection of Loans Data

A PLR loans module is installed on the library management systems of the public library authorities and the data giving details of the number of times each book in their collections is issued during a specified period are transmitted to the PLR Office automatically.

4. Author and Title Registrations

18,830 authors from 43 countries were registered for the PLR system at the end of PLR year 2016, and details of 375,530 titles were entered on the register.

5. PLR Payments 2016

The Department of Environment, Community and Local Government provided €200,000 for payments to the authors whose works were loaned to the Irish public.

Payments are made annually and are based on loans from the preceding calendar year. Authors were eligible for payment if their PLR earnings reached a minimum of €2, while there was a maximum payment of €1,000 for the most-borrowed authors. The Rate-per-loan (RPL) was calculated at 4.09 cent. The 2016 PLR payment calculation was based on a total of 5,119,414 eligible loans.

A total of 5,711 authors from 22 countries qualified for a payment in 2016, with 14 authors receiving the maximum payment.

6. British Library, Public Lending Right UK

The Responsibility for UK PLR was transferred to the British Library in October 2013. The British and Irish PLR staff discussed future joint approaches for PLR to maximise use of resources and provide enhanced services for authors.

The PLR Office appreciates the considerable assistance provided by the PLR team in supporting the PLR system.

7. Communications and Publicity

The PLR Office maintains the www.plr.ie website. The collection of loans data from all library authorities allows for an analysis of public library loans on a national basis. During 2016 the PLR Office issued provided information on public library borrowings to the media on request.

8. Finance

The Public Lending Remuneration Scheme is funded directly by the Minister for Housing, Planning, Community and Local Government and the costs are not levied on the local authorities.

Details of the final accounts for the period January 1st to December 31st, 2016 will be set out in the Financial Statement published by the Local Government Management Agency for 2016.

9. Acknowledgements

The Local Government Management Agency would like to thank the Minister for Housing, Planning, Community and Local Government, the Minister of State, and their officials for their ongoing support; public library authorities for their co-operation in the ongoing operation of the PLR scheme, the PLR team at the British Library for advice, support, and technical assistance.

PLR Registrar

21/3/17

Date

Public Lending Remuneration Scheme Annual Report 2016, p.3

10.1 Summary of Payments

Summary of Payments	2016
Number of authors registered for PLR in 2016	18,830
Number of authors qualifying for a payment	5,711
Total Spend (Department funding and carry over from 2015)	€200,696
Number of authors receiving the maximum payment	14
Rate-per-loan (RPL)	4.09 Cent
Total number of eligible loans	5,119,414

10.2 Summary of Payment Methods

Method of Payment	**Number of Authors 2016**	**Total amount 2016**
Direct e-payment into Euro/Non Sterling Accounts	491	€25,095.50
Direct e-payment into UK Sterling Accounts	5155	€174,744.26
On Hold Payments	65	€856.24
Total	**5711**	**€200,696.00**

Public Lending Remuneration Scheme Annual Report 2016, p.4

10.3 Payment of Country of Residence

Country	Amount €	Country	Amount €
UK	175,307.83	Belgium	72.22
Ireland	22,690.35	Croatia	53.71
France	792.55	Denmark	39.56
Italy	369.3	Japan	14.34
Germany	280.35	Australia	12.72
New Zealand	276.45	Norway	11.62
Switzerland	218.66	Bulgaria	6.36
Netherlands	209.23	Romania	6.29
Spain	137.29	Portugal	3.54
Canada	104.54	Austria	2.02
Sweden	85.6	South Africa	1.47
TOTAL €200,696			

10.4 Spread of Payment Amounts

From Amount €	To Amount €	Number of Payments 2016	Amount € in 2016
0.01	5	1738	5686.11
5.01	10	1188	8439.49
10.01	50	1873	42685.83
50.01	100	476	34240.02
100.01	300	342	56833.31
300.01	500	50	18873.80
500.01	1000	44	33,937.40
TOTAL		**5,711**	**€200, 696**

Public Lending Remuneration Scheme Annual Report 2016, p.5

Aguisín 2

CUNTAIS AIRGEADAIS 2016

AN GHNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL

Ráitis Airgeadais

Don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2016

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

Clár na nÁbhar

* Tuarascáil an Iniúchóra Rialtais Áitiúil	49 -50
* Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh	51 -52
* Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird	53
* Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	54
* Clár Comhardaithe	55
* Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid	56
* Nótaí leis na Cuntais agus atá ina gcuid de na Cuntais	57-66

AN GHNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA RIALTAIS ÁITIÚIL DO BHORD NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL

Réamhrá

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016. Cuimsítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach iontu, an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas ar an Staid Airgeadais, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgeadais agus na nótaí leis na Cuntais agus atá ina gcuid de na Cuntais.

Freagrachtaí Faoi Seach an Bhoird agus an Iniúchóra Rialtais Áitiúil

Tá Bord na Gníomhaireachta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Ordaithe um Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) 2012, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Tá freagrachtaí cuntasaíochta na gComhaltaí Boird leagtha amach sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird.

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha, dhlíthiúla agus rialtachta agus de réir an Chóid Cleachtais Iniúchóireachta.

Déanaim mo thuairim a thuairisciú faoi má thugtar nó nach dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais, de réir an chaighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis. Tuairiscím chomh maith cibé acu an coinníodh nó nár coinníodh leabhair chuí chuntas i mo thuairim. Chomh maith leis sin, sonraím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas nó nach bhfuil.

Tuairiscím chomh maith cibé an bhfuair nó nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaim is gá do m'iniúchadh.

Déanaim athbhreithniú ar an léiríonn nó nach léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an Bord ag cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, agus tuairiscím teagmhas ábhartha ar bith i gcás nach léiríonn sé amhlaidh nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamhchomhsheasmach le faisnéis eile ar a bhfuil mé ar an eolas ó m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Ní chaithfidh mé breathnú ar cibé an gcumhdaítear nó nach gcumhdaítear na rioscaí agus na rialuithe uile airgeadais sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais, nó ní chaithfidh mé tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht na nósanna imeachta um riosca agus rialú.

An Bunús leis an Tuairim Iniúchóireachta

Rinne mé m'iniúchadh de réir an Chóid Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú ar bhonn tástála ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na neamhchosaintí sna ráitis airgeadais. Áirítear leis chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach maidir le cúinsí an Bhoird nó nach bhfuil, cibé ar cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach nó nár cuireadh agus cibé ar nochtadh iad go dóthanach nó nár nochtadh.

Pleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh chun an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a fháil a cheapaim gur leor iad chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí mírialtacht nó earráid eile. Agus mo thuairim á déanamh agam, rinne mé measúnú ar leordhóthanacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2016

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim, go dtugtar léargas fíor cóir sna ráitis airgeadais maidir le staid ghnóthaí an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2016 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas don bhliain dar críoch ar an dáta sin.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaim a bheith riachtanach chun críche m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim, gur choinnigh an Bord leabhair chuí chuntas. Tagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntas.

Déanann tuairisc faoi eisceacht:

- Mura bhfaighim an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim d'iniúchadh, nó
- Mura léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh na Gníomhaireachta maidir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- Má bhfaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Sínithe: Nano Brennan

Dáta: 4 Aibreán, 2017

Anne (N) Brennan

An tIniúchóir Rialtais Áitiúil

Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

1. Thar ceann Bhord na Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, admhaím ár bhfreagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais sa ghníomhaireacht agus as nósanna imeachta agus próisis a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach.

